**Scéim Nua Cíosanna Difreálacha glactha ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe do Thionóntachtaí Tithíochta Sóisialta**

1 Deireadh Fómhair 2025

Tá uasdátú déanta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar a Scéim Cíosanna Difreálacha a thiocfaidh i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2025 do thionóntachtaí nua, agus a thiocfaidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2026 do thionóntachtaí atá ann cheana. Is é an t-athbhreithniú seo, a mbeidh tionchar aige ar mhuirir chíosa sheachtainiúla tionóntachtaí tithíochta sóisialta ar fud Chathair na Gaillimhe, an chéad athbhreithniú ar an Scéim Cíosanna Difreálacha le 6 bliana.

Gearrtar cíos ar thionóntaí tithíochta sóisialta bunaithe ar ioncam inmheasúnaithe teaghlaigh.

Beidh an cíos bunaithe ar ioncam inmheasúnaithe iomlán an teaghlaigh, mar atá leagtha amach anseo: -

- 20% den ioncam inmheasúnaithe iomlán teaghlaigh, *seachas iad siúd* a fhaigheann Pinsean Seanaoise.
- 17% den ioncam inmheasúnaithe dóibh siúd a fhaigheann Pinsean Seanaoise (Ranníocach agus Neamh-Ranníocach)

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an Scéim Cíosa, aithnítear go bhfuil gá roinnt coigeartuithe a dhéanamh ar liúntais, atá tar éis an ríomh cíosa a dhéanamh róchasta le sé bliana anuas. Leis an scéim cíosa athbhreithnithe, bainfear amach na haisbhaintí €5 a chuirtear i bhfeidhm faoi láthair ar mhuirir chíosa sheachtainiúla do leanaí cleithiúnacha, do phinsinéirí seanaoise agus do dhaoine a fhaigheann liúntas míchumais.

I measc na n-athruithe eile ar an scéim tá sainmhíniú leasaithe ar íoschíos, foráil do mhuirir bhreise i gcásanna ina n-íocann an Chomhairle táillí bruscair agus/nó táillí bainistíochta maoine agus deireadh a chur le méadú ar chaidhp chíosa. Tá clásal cruatain sa scéim agus breithneoidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe méid laghdaithe cíosa a eisiamh ar feadh tréimhse sonraithe i gcúinsí áirithe agus le coinníollacha sonracha.

Táthar ag súil go gcuirfear clár athmheasúnuithe Cíosa i bhfeidhm ar fud na dtionóntachtaí in 2026.